☸An Lúibín☸

18 Nollaig 2013

Eolaíocht i nGaeilge

Tá coimre mhór eolaíochta agus teicneolaíochta curtha ar fáil ag an Ollamh Matthew Hussey ar Vicipéid na Gaeilge, agus ní mór a rá gur go tráthúil é. Is annamh a chuimhnítear ar ábhar dá leithéid agus an Ghaeilge á plé. Fréamh an Eolais' atá i gceist – ciclipéid a bhfuil breis is 8,400 alt inti. D'fhoilsigh Coiscéim í dhá bhliain ó shin agus chuir Kevin Scannell, Ollamh Matamaitice agus Ríomhchlárú in Ollscoil Saint Louis in Missouri, in oiriúint don idirlíon í.

Cuireadh cuma nua ar an tionscadal agus físeáin mar chuid de, agus lig an t-údar uaidh an cóipcheart. Admhaíonn sé go bhfuil an t-uafás oibre le déanamh fós chun ábhar cuimsitheach a sholáthar; ach d'fhéadfá a rá nach mbeidh teorainn choíche leis an eolas agus nach foláir a rian sin a bheith ar an teanga.

♦❖♦❖♦❖♦

An maolú arís

Féach litir ó Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, ar an *Irish Examiner* (6 Nollaig 2013) faoi aistriúcháin Ghaeilge san Aontas Eorpach. Teanga oifigiúil de chuid an AE is ea an Ghaeilge ón mbliain 2007 i leith. Síleadh nach mbeadh a ndóthain aistritheoirí agus dlítheangeolaithe acu agus dá bhrí sin cuireadh 'maolú' nó lagú rialacháin i bhfeidhm i dreo nach n-aistreofáí go Gaeilge ach cuid den ábhar atá ar fáil i dteangacha eile.

EPSO, gníomhaireacht earcaithe an AE, a líonann na buanphostanna atá i gceist, ach tá na scrúduithe an-deacair agus ní foláir duit máistreacht a bheith agat ar thrí theanga. Sháraigh na Máltaigh a maolú féin le conarthaí sealadacha. Níl na scrúdaithe úd chomh deacair sin agus tá leath na n-eolaithe Máltacha ar conradh, in éineacht le formhór na gCrótach. D'fhéadfaí postanna Éireannacha a líonadh le conraitheoirí. Má ligtear don mhaolú dul i léig i ndeireadh na bliana 2016 cuirfear 180 post ar bun agus tuarastal maith ag gabháil leo. Is féidir leis na daoine sin postanna polasaí a fháil ina dhiaidh, rud a rachaidh chun tairbhe don tír. Is í an teanga an seancheangal atá idir Éire agus an Eoraip.

♦❖♦❖♦❖♦

Imeacht an Choimisinéara Teanga

D'fhógair an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ar 4 Nollaig 2013 go bhfuil sé le héirí as a phost ar 23 Feabhra 2014. Dúirt sé gur theip ar an rialtas beartais reachtaíocht teanga a chur i bhfeidhm. Tá córas na scéimeanna teanga lagaithe, ní féidir gnó a dhéanamh leis an státseirbhís trí Ghaeilge, níl athbhreithniú á dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus shocraigh an Rialtas ar oifig an Choimisinéara Teanga a nascadh le hOifig an Ombudsman.

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga in 2004 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta sa státchóras. Níl an Coimisinéir sásta le beartas earcaíochta na státseirbhíse; is dóigh leis go dtógfadh sé timpeall ocht mbliana is fiche le líon na nGaeilgeoirí sa Roinn Oideachais agus Scileanna a mhéadú ón 1.5% atá anois ann go dtí 3%. Tá deich mbliana caite ag an gCuirreánach mar Choimisinéir, agus dúirt sé gur beag eile a d'fhéadfadh sé a dhéanamh i dtaobh chearta teanga phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.

♦❖♦❖♦❖♦

Idirghabháil 1

Portráid 1 i sraith de phortráidí de dhaoine, idir eachtrannaigh agus Ghaeil, a bhí fite fuaite i saol achrannach guagach an 16ú agus an 17ú haois in Éirinn.

Thomas Lee

'Captain Thomas Lee in Irish Dress' : Marcus Gheeraerts Mór , 1594
Wikpedia Commons

Tá sé ag caitheamh éide ceithearnaigh mar a bhí sé páirteach i *masque*; é cosnochta, ga ina dheasóg, sciath caite thar a ghualainn, piostal ina chrios; tá Éire ar a chúl, tír ar chaith sé cuid mhór dá shaol ag troid ar son na Bainríona agus ar mhaithe leis féin. Tom Lee atá ann: rinneadh an phortráid sa bhliain 1594.

Bhí Lee ar dhuine den dream úd a chónaigh ar theorainn an dá chultúr (dhá shibhialtacht, dhá fhiántas) sa 16ú haois: eachtránaithe ó Shasana a bhain le mionuaisle na tíre sin agus a thug a n-aghaidh ar Éirinn. Níorbh ionann iad agus coilínigh nó lucht riaracháin Shasana; ba chaptaein iad a bheadh i gceannas complacht céad fear nó mar sin. B'fhada i mbun saighdiúireachta iad, cé gur mhinic gur sheirbhís threallach í; d'fhaighidís eastáit bheaga in Éirinn agus tharraingídís fiacha móra orthu féin. Bhí caidreamh acu ar na Gaeil, lámh acu i gcúrsaí polaitíochta na tíre, iad ag pósadh in Éirinn agus ag foghlaim Gaeilge, cé nár dhearmad siad riamh go raibh siad ann chun a leas féin agus leas na Bainríona a dhéanamh. Scríobhaidís tráchtais athleasaithe agus an-aird acu dá réir ar chúrsaí míleata agus straitéise. Ba mhinic a chuiridís féin cogadh ar siúl agus iad ag troid go curata agus go crua, ach is beag a d'fhaighidís de bharr a ndúthrachta.[1]

Fear cumasach achrannach ba ea Lee agus é sáite i gcúrsaí polaitíochta a linne, rud a bhain an ceann de faoi dheireadh. In Buckinghamshire a rugadh é, is dócha, agus síltear gur bhain sé amach Éire sa bhliain 1574 mar choilíneach. Faoin mbliain 1583 bhí sé pósta leis an mbaintreach Eilís Iústás (née Peppard), bean uasal Éireannach a bhain leis na sean-Ghaill agus a raibh idir Ghaeilge agus Bhéarla aici. (Idir an dá linn cuireadh i leith Lee go ndearna sé gadaíocht bhóthair in Oxfordshire, ach ligeadh amach ar bhannaí é.) Murab ionann is cuid Sasanach eile, níl a ainm le fáil sna hannálacha Gaeilge.

Chuidigh sé le ceannairc a chur faoi chois i gCúige Mumhan, cé gur tharraing sé achrann air féin mar ba ghnách leis; níor mhaith le Tomás de Buitléar, Iarla Urmhuman, é, ach bhí pátrúin chumachtacha aige a shíl go raibh sé

[1] Féach Hiram Morgan, 'Tom Lee: the posing peacemaker ' in *Representing Ireland : Literature and the Origins of Conflict 1534-1660*. Cambridge University Press 1993, lgh 132-159.

go maith chun naimhde na Bainríona a bhacadh. Bhí sé ag bailiú maoine, agus chuir sé féin agus Eilís fúthu i gCaisleán Mháirtín i gCill Dara; dódh an teach agus gach a raibh ann go talamh sa bhliain 1591 trí mhíchúram, cé go raibh amhras ag Lee go raibh lámh ag Iarla Urmhumhan sa ghnó.

In ochtóidí an 16ú haois bhí Lee ag iarraidh ceannaircigh eile a smachtú – Cathair Óg Ó Caomhánaigh i gContae Chill Chainnigh agus Váitéar Riabhach Mac Gearailt i gCúige Laighean. Bhí Eilís ina hateangaire sa chaibidil idir Lee agus an Gearaltach agus tugadh le fios i bPáipéir Stáit Shasana gurb ise a d'inis don nGearaltach go raibh rún ag Lee é a ghabháil. Dúradh gurb é seo faoi deara don lánúin scaradh lena chéile, ach nuair a thit Lee amach le Fear Ionaid na haimsire sin, an Ridire John Perrot, agus a sacadh i bpríosún é, ba í a bhean chéile a chuaigh ag agairt a chúise i Sasana agus ag iarraidh go dtabharfaí fórsa caoga fear dó.

Sa bhliain 1583 moladh go dtabharfadh sé cúig chéad saighdiúir Éireannach leis chun Flóndras mar chuid de na fórsaí Sasanacha a bhí ag troid ann leis na Spáinnigh.[2] Ach bhí Éire i ndán dó fós; scaoileadh saor é agus chuaigh sé amach chun cogaidh arís. D'éirigh sé mór le hAodh Ó Néill, cé gur léir nach mór an cion a bhí ag lucht coimhdeachta Uí Néill ar an seansálaí de Shasanach seo. Scríobh sé 'A Brief Declaration of the Government of Ireland'[3] agus é ag cáineadh an leatroim a rinne 'the lord deputy, and they who have been his assistants' ar 'those poor remote and savage people' (na hÉireannaigh), leatrom ba chúis (má b'fhíor dó) leis an gcogadh. Dúirt an Fear Ionaid úd, William Fitzwilliam, go raibh Lee 'indigent and desperate,' agus cuid den cheart aige, b'fhéidir. Bhí Lee féin, mar shaighdiúir, cleachtach leis an lámh láidir. Sa bhliain 1696 chuir sé seacht gcloigeann déag a baineadh de cheannaircigh chun na n-údarás (creach a n-íocfaí go flaithiúil aisti).

Phós Lee arís sa bhliain 1595; ba í a bhean nua Kinsborough Valentine, Caitliceach de chuid na sean-Ghall.

Bhí súil ag Lee go bhféadfaí teacht chun réitigh le Ó Néill agus thug sé comhairle dá réir; tar éis tamaill, áfach, shíl sé nárbh fhéidir é a dhéanamh toisc go raibh Ó Néill rótheann as a neart féin agus as an gcúnamh a gheobhadh sé ón iasacht. Bhí saol míshuaimhneach aige féin, é á shacadh i ngéibheann ó am go chéile agus amhras air, ach scaoiltí amach é. Bádh a phátrún Iarla Chill Dara sa bhliain 1599[4] ach bhí Iarla Essex fós aige mar chara sa chúirt. Agus é i Londain bhuail sé Maolmhuire Mag Raith, ardeaspag Protastúnach Chaiseal Mumhan agus Tadhg an Dá Thaobh a linne; chuir Mag Raith tréas ina leith, rud a ghoill go mór ar Lee. Bhí sé siúd ag iarraidh maoin agus tailte a chruinniú fós in Éirinn agus ag tabhairt comhairle don rialtas, ach is beag a bhí aige dá bharr.

Sa bhliain 1601 gabhadh Essex ar chúiseamh tréasa; bheartaigh Lee agus baicle fear eile breith ar an mBainríon agus í a choinneáil go dtí go ligfeadh sí Essex saor. Sceitheadh orthu; gabhadh Lee agus cuireadh ar a thriail é; mhol sé Essex ach d'admhaigh sé go raibh sé féin béalscaoilte agus meargánta. Fuair sé bás 'ar nós Críostaí' ag Tyburn. Ní théann fear na hidirghabhála as.

Lé léamh:

'Thomas Lee,' *Dictionary of National Biography*, lgh 380-382:
https://archive.org/stream/dictionaryofnati32stepuoft#page/380/mode/2up

Infformacion giuen to Queen Elizabeth against Sir William Fitzwilliams, his gouernmente in Irelande:
http://www.ucc.ie/celt/published/E590001-002/index.html
.

---

[2] Is iomaí saighdiúir Éireannach a chuaigh ag troid thall. Féach *Annála Ríochta Éireann: '* Cúicc céd Eirendeach do dol a h-Eirinn do chongnamh lá bainrioghain Shaxan i c-coccadh Flondrais, & gé ro diothaighit a n-urmhór isin tír-sin do-dheachaidh a n-ainm & a n-oirdeacus fón Eóraip ar aoí n-geiraitteacha & n-gaisccidh'. M1586.16:
http://www.ucc.ie/celt/published/G100005E/index.html

[3] http://www.ucc.ie/celt/published/E590001-004/index.html

[4] Luaitear é sin sna hannálacha: 'An t-iarla Chille dara sin a dubhramar do dhol h-i Saxoibh isin m-bliadhain remhainn .i. Uilliam, mac Geroitt, mic Geróitt, Ro triall in Erinn i n-errach na bliadhna seo Iar n-dol do h-i l-luing co n-ocht f-feraibh domhaithibh na Midhe, & Fhine Gall maille friss, o ro sheolsat edh fairccsiona isin f-fairrgi ni confacus beó áein neich diobh osin alle & ro badh a tiribh oile fo cenn da mhíos iar sin tainicc deimhin a m-báis go Saxoibh & go h-Erinn'. *Annála Ríochta Éireann*, M1599: http://www.ucc.ie/celt/published/G100005F/index.html

An Mhórsceir Bhacainneach i mbaol

Is minic a chuimhnímid ar an timpeallacht mar a chuimnhneoimis ar iarsmalainn: mar chiste atá lán de rudaí atá le caomhnú. Tá baint aige seo leis an meas atá againn anois (an meas is féidir linn a bheith againn anois) ar shaibhreas agus éagsúlacht an dúlra. Is féidir, go deimhin, seanchlaíomh a chaomhnú; níl sé chomh furasta sin rud orgánach a choinneáil beo. Tá a fhios againn, ar ndóigh, gur imigh formhór mór na spéiceas dá raibh riamh ann in éag. Is beag amhras atá ann anois ná go bhfuil an aeráid ag athrú agus go bhfuilimid féin in ann dochar uafásach a dhéanamh le truailliú. Ach tá súil againn fós gur féidir linn an mhíchinnniúint atá á bagairt ar an Mórsceir Bhacainneach a mhaolú.

Rinne ceithre thimthriall oighreacha agus idir-oighreacha ar a laghad an limistéar seo a bhá agus a nochtadh. Tá sceireanna agus líonáin ag fás ann le 15,000 bliain; nochtaí iad mar chéidí aolchloiche creimthe agus aibhneacha ag sníomh tharstu nuair a d'íslítí an fharraige de bharr oighriúcháin. Sna tréimhsí idir-oighreacha thiocfadh oileáin ísle, oileáin ilchríche agus oileáin choiréalacha ann. Tá na stair seo le fáil i gcroíshamplaí ó seanchoiréil ollmhóra. Tá baint leanúnach ag Bundúchasaigh agus ag Oileánaigh Chaolas Torres leis an limistéar. Dá chomhartha sin tá a lán dramhcharn, gaistí éisc, áiteanna dinnseanchais agus tótaim mhara ann.

Sa bhliain 1981 rinneadh cuid den Oighreacht Dhomhanda den Mhórsceir go leir beagnach. 348,000 ciliméadar cearnach atá i gceist. Baineann timpeall 2,500 líonán agus sceir leis an gcóras, in éineacht le 900 oileán, idir bheag agus mhór. Tá os cionn 1,500 spéiceas éisc ann, timpeall 400 spéiceas coiréil,[5] 4,000 spéiceas moileasc, timpeall 240 spéiceas éan, agus a lán cineálacha spúinsí, bundúin leice, péistí mara, crústach agus eile. Níl an oiread sin éagsúlachta ag baint le haon láithreán eile dá leithéid. Sna sceirdeacha coiréil is mó atá suim ag an bpobal, ach níl iontu ach timpeall 7% de limistéar na Mórsceire. Tá os cionn an tríú cuid den limistéar le fáil ar an bhfána ilchríochach agus sa chuid is doimhne den aigéan.

Tuilleann an Mhórsceir suas le sé bhilliún dollar in aghaidh na bliana agus coinníonn sí 50,000 duine ag obair. Tá bail mhaith ar an tríú cuid is tuaisceartaí den Mhórsceir ach tá droch-chaoi ar an gcuid dheisceartach. Sa bhliain 1985 thosaigh Institiúid Astrálach na hEolaíochta Mara ag scrúdú céad láithreán ar an Mórsceir. Cailleadh 50% den choiréal ar na láithreáin úd ó shin, agus caillfear a leath eile, is dócha, faoin mbliain 2022.

Sa bhliain 2009 bhí bail mhaith fós ar an gcuid is mó de ghnáthóga na Mórsceire. Bhí meathlú le haithint ar chuid gnáthóg cladaigh, ach is beag eolas atá againn ar ghnáthogá boga ghrinneall an mhurlaigh, ar an uisce faoin aer agus ar ghnáthóga na fána ilchríochaí. Dealraíonn sé go bhfuil caoi mhaith ar an gcuid is mó de na spéicis is eol dúinn a bheith ann, ach tá meathlú mór tagtha ar dhuganganna agus ar spéicis éigin de shiorcanna, d'ein mhara agus de thurtair mhara. Tá roinnt spéiceas le haimsiú fós agus is beag eolas atá againn ar a lán eile. Is cosúil go dtiocfaidh meathlú ar bhreis cineálacha le himeacht aimsire. Tá an meathlú ina stad i gcás cineálacha éigin ach níor tháinig siad ar ais ar a seanléim; táthar ag teacht ar spéicis eile a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.

Le céad go leith bliain anuas tá méadú faoi cheathair tagtha ar dhianfheirmeoireacht san abhantrach agus tá os cionn 50,000 léas mianadóireachta ann. Mhéadaigh an daonra dá réir. Is deacair pleanáil cheart a dhéanamh agus baint ag an oiread sin údárás áitiúil leis an scéal. I gcuid mhór den limistéar tá drochlorg na gceimiceach ag dul in olcas, go háirithe cois cladaigh. Tá aicídiú ar siúl ar fud an limistéir de dheasca méadú dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar. Ach is é an t-uisce truaillithe is mó ba bhaol don Mhórsceir anuas go dtí seo: nuair a ghlantar an talamh tagann glár agus leasú anuas chun na farraige leis an rith chun srutha, agus tá neart pluda á chur chun siúil le deich mbliana anuas de dheasca anfaí agus tuilte. Is cúis mhór imní eile an cartadh atá á spré ann de dheasca na dreideála. Tá méadú le teacht air sin. Is gearr ó ceadaíodh trí mhilliún méadar cúbach de ghrinneall a chartadh ar an Mórsceir chun caladh ollmhór guail a thógáil.[6]

[5] Inveirteabraigh mhara is ea na coiréil. Tá siad le fáil de ghnáth i ndlúthchoilíneachtaí polaipí, agus sna haigéin theochriosacha tálann siad carbónáit chailciam chun sceireacha a dhéanamh. Tá cuma chruinn ar na polaipí agus iad ar dhealramh vása. Tá béal ar a mbarr agus braiteoga ina thimpeall.

[6] 'Abbot Point coal terminal reef dredging project approved,' *Brisbane Times*, 10 Nollaig 2013 : **http://www.brisbanetimes.com.au/queensland/abbot-point-coal-terminal-reef-dredging-project-approved-20131210-2z3v2.html**

Beidh na spéicis agus na gnáthóga is tábhachtaí i gcontúirt mhór má sháraíonn tiúchan na dé-ocsaíde carbóin 400csm (codanna sa mhilliún). Má sháraítear 500csm imeoidh na coiréil chrua in éag agus creimfear na sceireanna. Ní meathlú leanúnach atá i gceist; beidh athruithe tobanna ann agus tréimhsí ciúine eatarthu.

Anfaí agus crosóga mara ba chúis le 40% den díobháil atá déanta go dtí seo agus tá bánú coiréil freagrach as 10% di, a bheag nó a mhór. Sna seascaidí a thosaigh na crosóga ag cur imní ar eolaithe; tháinig siad ina ráigeanna ceithre huaire ó shin agus chomh tiubh sin nárbh fhéidir leis an gcoiréal teacht chuige féin arís. Is dócha go baint ag borradh na gcrosóg le spré na leasacháin neamhorgánacha. Tá ráig eile chugainn; is féidir le crosóg amháin na milliúin ubh a bhreith d'aon iarraidh agus spréitear le sruth iad.

Tá deich gcaladh mhóra ar chósta na Mórsceire agus tá borradh ag teacht faoin méid long atá ag imeacht feadh an chósta. Tá na húdaráis ar a ndícheall ag iarraidh timpistí a sheachaint, ach ní féidir iad a bhacadh ar fad. Tá calaí nua á dtógáil le haghaidh guail agus gáis; déanann na comhlachtaí a gcuid ráitis tionchair timpeallachta féin agus ní cosúil go bhfuil siad ródhian orthu féin.

Tá Plean na Mórsceire ann, plean deich mbliana a beartaíodh sa bhliain 2003. Is éard is cuspóir dó deireadh a chur le soláthar na hidrigine agus na nimhe a thagann anuas le sruth; tá tús oibre déanta ach tá neart le cur i gcrích.

Rudaí atá le cur san áireamh:

* Cothaíonn an leasú na planctóin, agus cothaíonn na planctóin na crosóga.
* Tagann an deascadh idir ainmhithe mara agus an solas, agus lagaítear na hainmhithe dá bharr.
* Maraíonn oiread na fríde den nimh na larbhaí coiréil.
* Is dócha go mbeidh níos mó stoirmeacha ann agus breis truailliú ag teacht le sruth dá bharr. Bánófar an coiréal de dheasca théamh na farraige. Is laigede cnámharlach an choiréil an t-aicídiú.
* Scaipeann an dreideáil an glár.
* Tá laghdú ag teacht ar an méid mórchreachadóirí ar nós siorcanna agus brádáin choiréalacha de dheasca ró-iascaireachta agus iascaireacht neamhdhlíthiúil. Tá cosc ar spéiceas ar bith a bhaint den tríú cuid den Mhórsceir, a bheag nó a mhór, gan chead scríofa.

Le léamh:

Great Barrier Reef Marine Park Authority: Brief Report (2009): http://elibrary.gbrmpa.gov.au/jspui/bitstream/11017/429/1/Great-Barrier-Reef-outlook-report-2009-in-brief.pdf.

UNESCO report : Great Barrier Reef: http://whc.unesco.org/en/list/154.

'Just unwell, or terminally ill?' Michael Green, *The Age*, 5 Nollaig 2013.

Nollaig shona agus Bliain Úr faoi rath

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

Leagan simplithe

An Mhórsceir Bhacainneach i mbaol

Is minic a chuimhnímid ar an timpeallacht mar a chuimnhneoimis ar iarsmalainn: mar chiste atá lán de rudaí atá le caomhnú. Is féidir, go deimhin, seanchlaíomh a chaomhnú; níl sé chomh furasta sin rud orgánach a choinneáil beo. Ach tá súil againn fós gur féidir linn an mhíchinnniúint[7] atá á bagairt ar an Mórsceir Bhacainneach a mhaolú.

Tá sceireacha[8] agus líonáin[9] ag fás ann le 15,000 bliain. Ia minic a tháinig athrú ar an limistéar sin de réir athrú aeráide. Is fada atá Bundúchasaigh ina gcónaí ann agus d'fhág a rian ar an áit. Sa bhliain 1981 rinneadh cuid den Oighreacht Dhomhanda den Mhórsceir. 348,000 ciliméadar cearnach atá i gceist. Tá na mílte spéiceas d'iasc, de choiréal, d'éin agus de rudaí eile ann. Sna sceirdeacha coiréil is mó atá suim ag an bpobal, ach níl sa choiréal ach cuid bheag den Mhórsceir. Tá an chuid is mó den Mhórsceir go domhain faoin bhfarraige.

Tuilleann an Mhórsceir suas le sé bhilliún dollar in aghaidh na bliana agus coinníonn sí 50,000 duine ag obair. Ach tá meathlú[10] ag teacht ar chuid mhór den Mhórsceir, go háirithe sa deisceart. Tá spéicis áirithe i mbaol, ar nós an dugang.[11] Tá a lán spéiceas eile ann nach bfuil mórán eolais againn orthu. Tá glár agus ceimicigh ag dul isteach sa Mhórsceir de bharr na feirmeoireachta agus na mianadóireachta. Tá deich gcaladh mhóra ar chósta na Mórsceire agus tá mórán long ann.

Má thagann an iomarca dé-ocsaíde carbóin[12] isteach san atmaisféar creimfear na sceireanna. Deirtear go mbeidh athruithe tobanna ann agus tréimhsí ciúine eatarthu.

Anfaí agus crosóga mara[13] is cúis le 40% den díobháil atá déanta. Tá bánú coiréil freagrach as 10% den díobháil. Cothaíonn na leasacháin[14] cheimiceacha na crosóga. Is féidir le crosóg amháin na milliúin ubh a bhreith d'aon iarraidh.

Tá Plean na Mórsceire ann, plean deich mbliana a beartaíodh sa bhliain 2003. Is éard is cuspóir dó[15] deireadh a chur le soláthar na hidrigine agus na nimhe a thagann anuas le sruth; tá tús oibre déanta ach tá neart le cur i gcrích. Tá cosc ar spéiceas ar bith a bhaint den tríú cuid den Mhórsceir, a bheag nó a mhór, gan chead scríofa.

[7] Míchinniúint – ill fate
[8] Sceireacha – skerries, surface reefs
[9] Líonáin – submerged reefs
[10] Meathlú - deterioration
[11] Dugang - dugong
[12] Dé-ocsaíd charbóin – carbon dioxide
[13] Crosóga mara - starfish
[14] Leasacháin - fertilisers
[15] Is éard is cuspóir dó – its objective is